Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12285/19**

**COPEN 356**
**JAI 948**
**EUROJUST 161**
**ENFOPOL 399**
**DROIPEN 135**
**COSI 183**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11823/19 + ADD 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Eurojust: Aonad Comhair Bhreithiúnaigh an Aonaid sa Ré Dhigiteach<br>- Glacadh |

Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 19 Meán Fómhair 2019, tháinig CATS ar chomhaontú gan easaontú i ndáil leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Eurojust, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

Ach comhaontú a fháil ó COREPER, iarrtar ar an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) na conclúidí sin a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 7/8 Deireadh Fómhair 2019, agus comhaontú na conclúidí sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Maidir le pointe 16, tugtar ar aird nach bhfuil a gcomhaontú comhair tugtha i gcrích ag Eurojust agus an Danmhairg go fóill (an cás mar atá ar an 20 Meán Fómhair 2019), ach gur dócha go ndéanfar sin sula mbeidh na conclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo le glacadh.

(dréacht)

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE EUROJUST:
# AONAD COMHAIR BHREITHIÚNAIGH AN AONTAIS SA RÉ DHIGITEACH

**TÁ NA CONCLÚIDÍ A LEANAS GLACTHA AG AN gCOMHAIRLE:**

1. Déanann an Chomhairle tagairt don Chlár Oibre Straitéiseach nua do 2019-2024 a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 20 Meitheamh 2019, ina leagtar síos cosaint na saoránach agus saoirsí mar phríomhthosaíochtaí don chéad timthriall institiúideach eile. I gcomhréir leis an gClár Oibre Straitéiseach, tá an tAontas tiomanta cur leis an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus na coireachta trasteorann agus an comhrac sin a neartú, an comhar agus an chomhroinnt faisnéise a fheabhsú, agus ionstraimí coiteanna an Aontais a fhorbairt a thuilleadh.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle tuarascáil bhliantúil Eurojust do 2018 (7944/19) agus an dul chun cinn breise atá déanta ag Eurojust i gcur i gcrích a mhisin ina cháil mar phríomhghníomhaí in éascú agus neartú an chomhordaithe agus an chomhair bhreithiúnaigh idir údaráis náisiúnta in imscrúdú agus in ionchúiseamh na gcineálacha is tromchúisí coireacht thrasteorann, go háirithe an sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, an chibearchoireacht, agus an t-éilliú. Fearacht blianta eile, tháinig méadú leanúnach in 2018 ar líon na gcásanna nua a cuireadh faoi bhráid Eurojust.

3. Tá an Chomhairle sásta gur chuir Eurojust comhaontaithe nua comhair i gcrích leis an Albáin agus leis an tSeoirse, agus go bhfuil caibidlíocht curtha i gcrích aige maidir le comhaontú comhair leis an tSeirbia, agus go bhfuil ionchúisitheoirí idirchaidrimh ar iasacht le Eurojust. Cuireann na comhaontuithe comhair seo go mór le héascú an chomhair bhreithiúnaigh leis na tríú tíortha atá i gceist, mar a dhéanann na hionchúisitheoirí idirchaidrimh freisin. D'fhéadfadh sé seo a bheith chun tairbhe gníomhaithe eile, go háirithe Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/1939[1]. Táthar ag moladh do Eurojust a áirithiú go dtiocfaidh na comhaontuithe nua comhair i bhfeidhm chomh luath agus is féidir, i gcás ar bith roimh an 12 Nollaig 2019, nuair a thiocfaidh Rialachán (AE) 2018/1727[2] i bhfeidhm. Táthar ag iarraidh ar Eurojust scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le comhaontuithe comhair a chur i gcrích le tríú tíortha eile agus é ag iarraidh a straitéis chomhair a bhunú ar bhonn Airteagal 52(1) den Rialachán sin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún chomh maith moltaí a ullmhú chun tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta, chomh luath agus is féidir tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh an Clár Breithiúnach Frithsceimhlitheoireachta ag Eurojust i ngníomh i mí Mheán Fómhair 2019 ionas gur tugadh le chéile ó Bhallstáit uile an Aontais faisnéis bhreithiúnach maidir le himeachtaí frithsceimhlitheoireachta. Feabhsóidh an clár seo, ina gcuimsítear faisnéis a bhíonn á tarchur ag na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle[3], éifeachtacht an Aontais gona Bhallstáit sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta. Ós rud é gur réamhchoinníoll é go dtarchuirfeadh na húdaráis inniúla sna Ballstáit faisnéis go Eurojust chun go n-oibreodh an Clár Breithiúnach Frithsceimhlitheoireachta go héifeachtúil agus chun go gcabhródh sé go fiúntach le himscrúduithe a dhéanann údaráis na mBallstát, athdhearbhaíonn an Chomhairle na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit a leithéid d'fhaisnéis a tharchur i gcomhréir le Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle.

---

[1] Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

[3] Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le malartú faisnéise agus comhar i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta (IO L 253, 29.9.2005, lch. 22).

**RÓL EUROJUST**

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gníomhaí ríthábhachtach é Eurojust i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Bíonn ról speisialta forghníomhach aige i gcomhordú cásanna i réimse an chomhair bhreithiúnaigh san Aontas. Is é Eurojust an t-aon ghníomhaireacht de chuid an Aontais a dhéanann comhordú ar údaráis bhreithiúnacha i ngach aon deighleog den slabhra slándála. Bíonn ról uathúil ríthábhachtach aige i gcomhordú imscrúduithe agus ionchúisimh thromchúisigh trasteorann idir údaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh ag gach aon chéim de phróiseas an cheartais chóiriúil, ó thús an imscrúdaithe ar choir go dtí an breithiúnas deireanach.

6. Cé gurb í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) a bhíonn freagrach as tacú le húdaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát chun an choireacht thromchúiseach trasteorann a chosc agus a chomhrac, is é misean Eurojust tacú le comhordú agus comhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh agus iad sin a neartú, le linn imscrúdú agus ionchúiseamh coireachta tromchúisí trasteorann. Comhlánaíonn Eurojust agus Europol a chéile, agus ba cheart dóibh leanúint dá n-iarrachtaí a bheith ag obair go dlúth agus go comhlántach le chéile. Creideann an Chomhairle go láidir gurb é leas Europol agus Eurojust araon an dá ghníomhaireacht a bheith ag obair go maith agus go héifeachtúil toisc gurb ionann cuspóir dóibh laistigh dá gcuid sainorduithe faoi seach i.e. an choireacht thromchúiseach trasteorann san Aontas a ghleic ar bhealach níos éifeachtaí agus Eoraip níos sábháilte a chruthú dá réir.

7. Ba cheart do OIPE agus Eurojust dlúthchaidreamh a bhunú agus a choinneáil ar bun bunaithe ar chomhar frithpháirteach laistigh dá sainorduithe agus dá n-inniúlachtaí faoi seach agus ar fhorbairt nasc oibríochtúil, riaracháin agus bainistithe eatarthu, mar a luaitear in Airteagal 100 de Rialachán (AE) 2017/1939 maidir le OIPE agus in Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1727 maidir le Eurojust. Is dóchúil go mbeidh ról tábhachtach ag Eurojust in obair OIPE, go háirithe i dtús aimsire. Bíonn ról ríthábhachtach aige freisin i gcásanna ina mbíonn páirt ag na Ballstáit rannnpháirteacha agus neamh-rannpháirteacha, agus i gcásanna calaoise a bhíonn lasmuigh de scóip inniúlacht OIPE. Bíonn ról agus áit ar leith ag an dá ghníomhaí sin i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais san Aontas. Iarrann an Chomhairle ar Eurojust dlúthchaidreamh le OIPE a chothú a luaithe a bheidh an eagraíocht sin i mbun gnímh. Ba cheart do Eurojust a dhícheall a dhéanamh cabhrú le OIPE, go háirithe ach a mbeidh sé ag feidhmiú, trína shaineolas a chomhroinnt le OIPE, saineolas atá carntha aige le beagnach fiche bliain anuas trí imscrúduithe agus caidreamh casta trasteorann le stáit nach Ballstát den Aontas Eorpach iad a chomhordú agus trí thacú leo. Ba cheart socrú oibre idir OIPE agus Eurojust a bhunú chomh luath agus is féidir.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis chomh maith an tábhacht atá leis an gcomhar idir Eurojust agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, amhail OLAF agus Frontex. Laistigh dá sainorduithe faoi seach, ba cheart do na gníomhaithe uile seo de chuid an Aontais oibriú le chéile chun tuilleadh sineirgí a aithint, agus chun leas iomlán a bhaint as a mbuanna ar bhealach comhleanúnach d'fhonn cabhrú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí timpeallacht níos sláine a chruthú do shaoránaigh an Aontais.

9. Molann an Chomhairle do Eurojust leanúint d'úsáid iomlán a bhaint as an seasamh uathúil atá aige agus a ról forghníomhach a mhéadú trí bhreathnuithe a chur in iúl faoi fhorbairtí agus treochtaí sa choiriúlacht agus i bhfeiniméin choiriúla san Aontas agus níos faide anonn, agus trí chur le heolas agus le hullmhacht na n-údarás áitiúil trí fhaisnéis a chomhroinnt leo.

**AN CEARTAS COIRIÚIL DIGITEACH AGUS AN CÓRAS BAINISTITHE CÁIS (CMS)**

10. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur gá don chomhar comhar póilíneachta agus breithiúnach malartú faisnéise a fheabhsú agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais faisnéise an Aontais i gcomhréir iomlán leis na ceanglais maidir le cosaint sonraí, toisc go neartófar leis sin malartú tapa, iontaofa, slán faisnéise agus fianaise idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile amhail Europol, OLAF, Frontex EPPO agus Eurojust. Bíonn ról ríthábhachtach ag Eurojust chun a áirithiú gur féidir sonraí náisiúnta a chrostagairt, ionas gur féidir naisc idir imscrúduithe éagsúla coiriúla a shainaithint. Chuige sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag comhaltaí náisiúnta Eurojust ar an gCóras um Malartú Digiteach r-Fhianaise a thóg an Coimisiún agus a fheidhmíonn na Ballstáit.

11. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do Eurojust leanúint lena dtionscnamh maidir leis an gceartas cóiriúil digiteach, mar a tíolacadh ag cruinniú na Comhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ar an 6 Nollaig 2018, a fhéachann le caoi a thabhairt do na húdaráis bhreithiúnacha san Aontas teagmháil a dhéanamh le chéile ar bhealach slán chun faisnéis (íogair) i gcásanna coiriúla a sheoladh agus a fháil. Ós amhlaidh atá, ba cheart réitigh TF atá ann cheana a chur san áireamh, amhail an Córas um Malartú Digiteach r-Fhianaise agus an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA).

12. Tá sé bunriachtanach go n-oibreodh an bonneagar TF agus Córas Bainistithe Cáis (CMS) de chuid Eurojust go héifeachtúil agus go ceart i gcomhréir iomlán leis na ceanglais maidir le cosaint sonraí ionas go mbeidh Eurojust in ann tacú leis na húdaráis bhreithiúnacha a bhíonn ag déileáil le cásanna coiriúla tromchúiseacha trasteorann. Tá seo thar a bheith tábhachtach ionas gur féidir le Eurojust an fhaisnéis agus an t-aiseolas a sholáthar do na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le torthaí na próiseála faisnéise sin lena bhféadfaidh na húdaráis sin a bheith ag súil i gcomhréir le creat dlíthiúil Eurojust. Tá CMS reatha sách sean agus ní thacaíonn sé le malartú faisnéise mar ba cheart. Dá bhrí sin, ba cheart do Eurojust breathnú ar bhealaí chun CMS a fheabhsú agus a nuachóiriú, agus an idir-inoibritheacht le réitigh atá ann cheana nó réitigh atá á dtógáil (amhail an Córas um Malartú Digiteach r-Fhianaise) á cur san áireamh.

**RIALACHÁN NUA EUROJUST**

13. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1727 maidir le Eurojust ón 12 Nollaig 2019. Leis an gcreat dlíthiúil nua, beidh Eurojust in ann éilimh shíormhéadaitheacha na n-údarás náisiúnta a láimhsiú ar bhealach níos éifeachtúla, go háirithe sna réimsí tosaíochta coireachta, amhail an sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, an chibearchoireacht, agus an t-éilliú.

14. A luaithe a thiocfaidh an rialachán sin i bhfeidhm, is féidir le Coláiste Eurojust dréacht dá rialacha nua nós imeachta a thíolacadh go foirmiúil, i gcomhréir le hAirteagal 5(5) den Rialachán. Tar éis a bhformheasta ag an gComhairle, féadfaidh Coláiste Eurojust na rialacha sin a ghlacadh. Moltar do na gníomhaithe ábhartha an obair riachtanach ar fad a dhéanamh d'fhonn glacadh tapa na rialacha sin a chur chun cinn, rud ba cheart Eurojust a chumasú chun a fheidhmeanna a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla.

15. Measann an Chomhairle go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh Eurojust in ann díriú ar a obair oibríochtúil, go háirithe toisc go bhfuil líon na gcásanna ag síormhéadú. Chuige sin, moltar do Eurojust leanúint d'athruithe a chur chun feidhme as a dtiocfaidh rialachas níos éifeachtúla agus nua-aimseartha mar ghníomhaireacht Aontais. Ag féachaint freisin do ról uathúil Eurojust ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear a thacaíocht shuntasach do na Foirne Comhpháirteacha Imscrúduithe, chun imscrúdú agus ionchúiseamh coireachta tromchúisí trasteorann a chomhordú, ba cheart a áirithiú gur féidir le Eurojust díriú ar na cásanna a bhfuil comhordú den sórt sin ag teastáil uathu. Maidir le cásanna eile a d'fhéadfaí a éascú trí mhalartú faisnéise agus/nó doiciméid bhreithiúnacha a tharchur, ba cheart déileáil leo ar bhealaí eile, amhail an Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair chóiriúla.

16. Is díol sásaimh don Chomhairle tabhairt i gcrích an chomhaontaithe idir Eurojust agus an Danmhairg, rud a áiritheoidh nach mbeidh aon bhearnaí i gcreat comhair bhreithiúnaigh an Aontais mar thoradh ar chur i bhfeidhm Rialachán Eurojust.

**COMHAR AGUS COMHORDÚ LE LÍONRAÍ A FHEABHSÚ**

17. Tagraíonn an Chomhairle dá conclúidí an 6 Meitheamh 2019 maidir le 'Sineirgí idir Eurojust agus na líonraí atá curtha ar bun ag an gComhairle i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla' (IO C 207, 18.6.2019, lch. 1). Molann an Chomhairle do Eurojust, i gcomhar le Gréasán Breithiúnach Eorpach (EJN), an Líonra um Chinedhíothú, an Líonra um fhoirne comhpháirteacha imscrúdaithe (Líonra JITanna) agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht (EJCN), na conclúidí atá leagtha amach sa doiciméad sin a chur chun feidhme, arna léamh in éineacht leis na moltaí atá leagtha amach sa pháipéar comhpháirteach atá i gceangal leis na conclúidí sin.

**ACMHAINNÍ**

18. Tagraíonn an Chomhairle do na conclúidí ón gComhairle Eorpacha an 18 Deireadh Fómhair 2018 inar iarradh go nglacfaí bearta chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do Eurojust, mar aon le Europol, chun dul i ngleic leis na dúshláin nua a thugann forbairtí teicneolaíocha agus timpeallacht athraitheach na bagartha slándála, lena n-áirítear trí chomhar idir na húdaráis éagsúla, agus trí rochtain níos fearr ar shonraí. I dtaca leis na bagairtí slándála reatha ar an Aontas gona Bhallstáit - a eascraíonn as an sceimhlitheoireacht, smuigleáil imirceach, cibearchoireacht, gáinneáil drugaí - tá gá fós le freagairt éifeachtach ó na póilíní agus ó na breithiúna. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i bhfios gur cheart breathnú ar shlabhra na slándála agus an cheartais choiriúil d'fhonn slándáil chuimsitheach a áirithiú san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart tábhacht agus ról gach gníomhaí sa slabhra sin a aithint d'fhonn constaicí i gcuid amháin den slabhra agus, níos measa fós, saoirse ó phionós ina dheireadh a sheachaint.

19. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil ualach oibre síormhéadaitheach ar Eurojust, lena n-áirítear cúraimí nua amhail iad siúd a bhaineann leis an gClár Breithiúnach Frithsceimhlitheoireachta, comhar le tríú tíortha a mhéadú agus cur chun feidhme praiticiúil Rialachán (AE) 2018/1727. Cé gur tháinig méadú mór ar ualach oibre oibríochtúil Eurojust, níor tháinig méadú ar a bhuiséad. Maidir le fás beartaithe na n-acmhainní airgeadais do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i gcomhthéacs an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile, as a bhféadfadh ualach cásanna méadaithe teacht, cuireann an Chomhairle i bhfios go bhféadfadh sin tionchar breise a imirt ar ualach oibre Eurojust. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá bonneagar TF agus Córas Bainistithe Cáis atá éifeachtúil, cothrom le dáta agus dea-fheidhmiúil chun cur ar chumas Eurojust a chúraimí a dhéanamh go héifeachtúil. Aithníonn an Chomhairle gur gá acmhainní cuí daonna agus airgeadais chun feabhsuithe den chineál sin a chur ar bun.

20. I bhfianaise an mhéid sin thuas, measann an Chomhairle gur cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do Eurojust, lena n-áirítear chun tairbhe na líonraí a bhraitheann ar bhuiséad Eurojust, d'fhonn a dhea-fheidhmiú mar ghníomhaí ríthábhachtach laistigh de shlabhra na slándála agus an cheartais choiriúil san Aontas a áirithiú agus forbairt leanúnach ar obair thábhachtach straitéiseach agus oibríochtúil a áirithiú.